# Doiciméad Comhairliúcháin de chuid an BCI

# Dréachtrialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta an BCI in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae

## 1. Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI)

Eagraíocht neamhspleách reachtúil is ea an BCI atá freagrach as líon príomhréimsí gníomhaíochta i dtaobh seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn. Treoraíonn ceithre phíosa reachtaíochta saothar an Choimisiúin; An tAcht Raidió agus Teilifíse, 1988 ("Acht na bliana 1988"), An tAcht Craolacháin ("Acht na bliana 2001"), An tAcht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus an tAcht Craolacháin(Leasú), 2007.

I measc príomhfheidhmeanna an BCI tá: seirbhisí craolacháin neamhspleácha a cheadúnú; trí léibheann ilphléacs tráchtála Teilifíse Trastíre Digitigh (DTT) a cheadúnú sula ndéantar an múchadh analógach; cóid agus rialacha a fhorbairt maidir le caighdeáin clár agus caighdeáin fógraíochta; monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí ceadúnaithe ar fad lena chinntiú go gcomhlíonann sealbhóirí ceadúnais oibligeáidí agus téarmaí a gconarthaí, agus; 'Sound and Vision', an Scéim Mhaoiniúchán Craoltóireachta a riaradh.

## 2. Rialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta an BCI in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae

Tá ceanglas ar an BCI, de réir fho-ailt 19(3) agus (4) d'Acht na bliana 2001, rialacha a fhorbairt a rialóidh an t-uasmhéid ama fógraíochta agus teilisiopadóireachta in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae a cheadófar ar sheirbhísí raidió agus teilifíse atá ceadúnaithe de réir Achta na bliana 1998 agus de réir Achta na bliana 2001. Beidh feidhm ag na rialacha sin i dtaobh craoltóirí i bPoblacht na hÉireann agus craoltóirí a bhaineann úsáid as acmhainn nó uasnasc saitilíte suite i bPoblacht na hÉireann. Ní bheidh feidhm ag na rialacha i dtaobh na gcainéal a sholáthraíonn na craoltóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus TG4 nó i dtaobh cainéal a fhaightear go coitianta sa tír seo ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile, mar shampla Channel 4. Deimhníonn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i gcomhairle le na craoltóirí sin, an méid ama a cheadaítear le haghaidh fógraíochta ar sheirbhísí raidió agus teilifíse RTÉ agus ar TG4.

Go dtí seo, rinneadh forfheidhmiú ar na teorainneacha ar an uasmhéid ama fógraíochta agus teilisiopadóireachta in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae trí chonarthaí an BCI lena chuid craoltóirí ceadúnaithe agus níl sé i gceist ag an BCI aon athruithe a dhéanamh ar uasmhéid na dteorainneacha atá ann faoi láthair. Tá sé i gceist ag an BCI an cleachtas atá ann anois a fhoirmliú le sraith rialacha de réir na gceanglas reachtúla agus sula mbunaítear Údarás Craolacháin na hÉireann.

## 3. Cuspóir an Doiciméid Seo

De réir na gceanglas i bhfo-ailt 19(5) agus (6) d'Acht na bliana 2001, tá na Dréacht-Rialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae atá forbartha ag an BCI á gcur os comhair an phobail lena scrúdú. Tá an BCI ag éileamh ar pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí i dtaobh na rialacha atá á moladh a thabhairt dúinn agus tá mionsonraí breise ar fáil i **gCuid 5** thíos.

## 4. Ceanglais Reachtúla agus Beartais

Tá na huasteorainneacha ar an méid fógraíochta agus teilisiopadóireachta a cheadaítear ar sheirbhísí raidió agus teilifíse leagtha síos i reachtaíocht na hÉireann agus na hÉorpa agus i mbeartais an BCI. Is iad sin:-

- Alt 10(4) den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988
- An Treoir 'Teilifís gan Teorainneacha'
- Beartas Raidió Pobail an BCI (2003)
- Beartas Ceadúnú Teilifíse an BCI (2004)

Déanann **Alt 10 (4) den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988,** teorannú ar an líon iomlán nóiméad fógraíochta a cheadaítear do chraoltóir ata ceadúnaithe de réir Acht na bliana 1988 go deich nóiméad in aon uair an chloig amháin. Ina theannta sin, tá an céatadán iomlán fógraíochta in aon lá craoltóireachta teoranta do 15% d'iomlán na n-uaireanta craoltóireachta. I bhfeidhm, tá ceanglas ar sheirbhísí raidió sainspéise agus tráchtála agus ar an gconraitheoir seirbhíse clár teilifíse [TV3] na teorainneacha sin a chomhlíónadh.

Ceadaíonn **Ailt 11.1, 11.3, 18.1, 18.2, 18a.1, 19, 19(a)** i gCaibidil IV agus V den **Treoir 'Teilifís gan Teorainneacha'** do sheirbhísí teilifíse náisiúnta suas go dtí uasmhéid de 12 nóiméad fógraíochta a chraoladh in aon uair a chloig amháin. Bunaíonn na hailt sin freisin gur 15 nóiméad íosmhéid na tréimhse ar fhuinneog teilisiopadóireachta agus leagann siad síos teorainn de thrí uair an chloig i dtaobh an méid iomlán ama atá ceadaithe don teilisiopadóireacht ar chainéal **nach bhfuil dírithe go heisiatach** ar an dteilisiopadóireacht. [1] Ba chóir a thabhairt faoi deara go gceadaíonn an Treoir do Bhallstáit an AE rialacha níos déine a chur i bhfeidhm agus sa chomhthéacs sin go gceadaíonn reachtaíocht na hÉireann agus beartais an BCI uasmhéid de 10 nóiméad fógraíochta ar sheirbhisí teilifíse in Éirinn.

Leagann **Cuid 4 de Bheartas Raidió Pobail an BCI (2003)** síos na teorainneacha maidir le huasmhéid na fógraíochta in aghaidh na huaire ar sheirbhísí pobail agus pobail sainspéise atá ceadúnaithe de réir Achta na bliana 1988. Ordaíonn an chuid sin den mbeartas gur sé nóiméad an uasmhéid fógraíochta atá ceadaithe ar sheirbhísí raidió pobail in aon uair an chloig amháin.

Leagann **Cuid 7 de Bheartas Cheadúnú Teilifíse an BCI** síos na teorainneacha maidir le huasmhéid na fógraíochta in aghaidh na huaire ar sheirbhísí teilifíse tráchtála agus pobail atá ceadúnaithe de réir Acht na bliana 2001, m.sh. Setanta Ireland agus DCTV. Ceadaítear uasmhéid de 10 nóiméad d'ábhar fógraíochta in aon uair an chloig amháin do sheirbhísí tráchtála agus ceadaítear uasmhéid de 6 nóiméad d'ábhar fógraíochta in aon uair an chloig amháin do sheirbhísí teilifíse pobail.

## 5. Freagairtí

Tá an BCI ag iarraidh ort na rialacha atá sonraithe san **Aguisín** atá leis an doiciméad seo a scrúdú agus go gcuirfeá aon tuairimí atá agat maidir leis na moltaí faoina bhráid. Breithneoidh Bord an BCI na freagairtí, mar chuid dá bpróiséas cinnteoireachta. Ba chóir freagairtí a chur ar aghaidh chuig an BCI ar nó roimh **Nóin Dé Luain an 21 Meán Fómhair 2009**. Ba chóir freagairtí tríd an bpost a sheoladh chuig:-

**Rialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta an BCI,**
**Coimisiún Craolacháin na hÉireann,**
**2-5 Plás Warrington,**
**Baile Átha Cliath 2**

Ba chóir freagairtí ar r-phost a sheoladh chuig:- **info@bci.ie**

[1] Ní leagann an Treoir síos aon teorainneacha in aghaidh na huairenó in aghaidh an lae maidir le cainéil atá dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht.

# Aguisín

**Dréachtrialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta an BCI in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae**

## Réamhrá

Éilíonn **Alt 19(3)** ar an gCoimisiún rialacha a cheapadh maidir le:-

> *"(a) The total daily times that shall be allowed for the transmission of advertisements and teleshopping material on a broadcasting service or sound broadcasting service, being a service which consists of a compilation of programme material supplied pursuant to a contract entered into under this Act or the Act of 1988, and*
>
> *(b) The maximum period that shall be allowed in any given hour for the transmission of advertisements and teleshopping material on such a broadcasting service or sound broadcasting service,*
>
> *And, the Commission may make different such rules with respect to different classes of broadcasting service or sound broadcasting service".*
> ***(Níl an tiontú oifigiúil den Acht seo ar fáil)***

Forbraíodh **Dréacht-rialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta an BCI in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae** de réir na hoibligeáide reachtúla sin.

## Dlínse

Beidh feidhm ag **Rialacha Fógraíochta agus Teilisiopadóireachta an BCI in aghaidh na hUaire agus in aghaidh an Lae** i dtaobh craoltóirí laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann nó ina dtaobh siúd a bhaineann feidhm as minicíocht nó acmhainn saitilíte nó uasnasc atá suite i bPoblacht na hÉireann. Go praiticiúil, beidh feidhm ag na rialacha seo maidir le seirbhísí ceadúnaithe de réir an Achta Raidió agus Teilifíse, 1988, agus de réir an Achta Craolacháin, 2001.

Ní bheidh feidhm ag na rialacha seo i dtaobh seirbhísí a sholáthraíonn na craoltóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus TG4 nó i dtaobh seirbhísí eile a fhaightear go coitianta sa tír seo atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile.

## Sainmhínithe

**Fógraíocht**
Aon chineál fógrán a chraoltar bíodh sé sin ar son íocaíochta nó ar son aon chomaoin eile nó craolta ag tionscnamh poiblí nó príobháideach nó ag duine nádúrtha chun iad féin a chur chun cinn maidir le trádáil, gnó, ceird nó gairm chun soláthar earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear réadmhaoin, cearta agus oibligeáidí, ar son íocaíochta.

**Teilisiopadóireacht**
Tairiscint díreach a chraoltar don phobal le haghaidh earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear réadmhaoin, cearta agus oibligeáidí, ar son íocaíochta.

## Dréacht-Rialacha

### 1. Craoltóirí Teilifíse agus Raidió Tráchtála

**1.1 Fógraíocht**

Ní sháróidh iomlán na n-uaireanta sa lá le haghaidh fógráin a chraoladh uasmhéid de 15 faoin gcéad d'iomlán na n-uaireanta craolacháin sa lá agus ní sháróidh an t-uasmhéid ama a thugtar d'fhógráin in aon uair an chloig áirithe uasmhéid de dheich nóiméad.

**1.2 Teilisiopadóireacht**

Beidh íosmhéid ama de 15 nóiméad ag na míreanna fógraíochta teilisiopadóireachta a chraolann cainéal nach bhfuil dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht. Ocht mír fógraíochta a bheidh mar uasmhéid míreanna in aon lá amháin. Beidh 3 uair an chloig mar mhóriomlán ar an méid ama a cheadófar le haghaidh teilisiopadóireachta do chainéal nach bhfuil dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht. Ní bhainfidh na teorainneacha sin le cainéil atá dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht.

### 2. Craoltóirí Teilifíse agus Raidió Pobail

**2.1 Fógraíocht**

Ní sháróidh an t-uasmhéid ama a thugtar d'fhógráin in aon uair an chloig áirithe sé nóiméad mar uasmhéid.

**2.2 Teilisiopadóireacht**

Beidh íosmhéid aga de 15 nóiméad ag na míreanna fógraíochta teilisiopadóireachta a chraolann cainéal nach bhfuil dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht. Ocht mír fógraíochta a bheidh mar uasmhéid míreanna in aon lá amháin. Beidh 3 uair an chloig mar mhóriomlán ar an méid ama a cheadófar le haghaidh teilisiopadóireachta do chainéal nach bhfuil dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht. Ní bhainfidh na teorainneacha sin le cainéil atá dírithe go heisiatach ar an dteilisiopadóireacht.

**3. Craoltóirí le haghaidh Ócáidí Speisialta agus Craoltóirí Institiúide**

Níl sé ceadaithe do chraoltóirí atá ceadúnaithe de réir Ailt 8 den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 (mar atá leasaithe ag an Acht Craolacháin, 2001) fógraíocht a chraoladh.